Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 | +353(0)1-6616333 | runai.boird@raidionalife.ie

Cruinniú Ginearálta Bliantúil na Scairshealbhóirí 2015

Tionóladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2015 de scairshealbhóirí Chomharchumann Radió Átha Cliath Teoranta (Comharchumann Radio Átha Cliath Limited) ag 7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2 ar 12 Iúil 2016 (ar athló ó 28 Meitheamh 2016 ceal córaim).

* Fritheadh leithscéalta ón gCathaoirleach agus ón Leas-Chathaoirleach nach raibh ar a gcumas bheith i láthair agus aontaiodh go bhfeidhmeodh Cuan Ó Seireadáin mar chathaoirleach.

1. **Miontuairiscí** – glacadh le miontuairiscí Cruinniú Ginearálta Bliantúil 2014.
2. **Ráitis Airgeadais** – glacadh leis na cuntais iniúchtha don bhliain go 31 Nollaig 2015.
3. **Iniúchóir a cheapadh** – athcheapadh Daithí Ó Maolchoille ar mholadh an Bhoird Stiúrtha.
4. **Bord Stiúrtha a cheapadh** – thuairisc an Rúnaí, P T Mac Ruairí:
   a. go raibh Blaithin Ni Liathain, Déaglan Ó Maoldomhnaigh agus Cuan Ó Seireadáin (a chomthoghadh ón gCGB deiridh) ag éirí as d'réir Riail 11(c);
   b. go raibh Blaithin Ni Liathain, Déaglan Ó Maoldomhnaigh agus Cuan Ó Seireadáin ag seasamh athuair;
   c. go raibh gach ball eile den Bhord ag fanacht in oifig;
   d. nach raibh aon ainmniúchán nua faighte d'réir téarma Riail 11(c);
   e. agus mar sin gurb iad leanas baill an Bhoird ón gcruinniú seo ar aghaidh: Susan Ní Dhubhlaíoch, P T Mac Ruairí, Déaglan Ó Maoldomhnaigh; Elly Shaw, Ian Mac Consaidín, Blaithín Ni Liatháin; Clár Ní Thaidhg.
5. **Aon ghnó eile**

   D'eisigh an Bainisteoir, Muiris Ó Fiannachta, tuairisc chuimsitheach ar imeachtaí rathúla uilig Raidió na Life le linn na bliana ag áireamh cur síos ar an staid reatha leis an Scéim Raidió Pobal.

Cruinniú Ginearálta Speisialta – leasú ar riail 12(e) de na rialacha cláraithe.

Tionóladh Cruinniú Ginearálta Speisialta de scairshealbhóirí Chomharchumann Radió Átha Cliath Teoranta (Comharchumann Radio Átha Cliath Limited) ag 7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2 ar 12 Iúil 2016 (ar athló ó 28 Meitheamh 2016, ceal córaim).

* Fritheadh leithscéalta ón gCathaoirleach agus ón Leas-Chathaoirleach nach raibh ar a gcumas bheith i láthair agus aontaíodh go bhfeidhmeodh Cuan Ó Seireadáin mar chathaoirleach.

Glacadh d'aonghuth leis an rún:

"Go leasófar riail 12(e) mar leanas: 'Is deichniúr (10) ball a bheidh i gcóram Chruinnithe Ginearálta an Chumainn nó líon duine mar a chinnteofar ó am go ham ag Cruinniú Ginearalta ar an gcoinníoll go dtugar fógra d'athrú den sórt sin do na baill ar a laghad ceithre lá déag (14) glan roimh an lá socraithe le haghaidh an chruinnithe."

Cruinniú Ginearálta Speisialta – leasú ar theideal an Chomharchumainn.

Tionóladh Cruinniú Ginearálta Speisialta de scairshealbhóirí Chomharchumann Radió Átha Cliath Teoranta (Comharchumann Radio Átha Cliath Limited) ag 7 Cearnóg Mhuirfean, BÁC 2 ar 12 Iúil 2016 (ar athló ó 28 Meitheamh 2016, ceal córaim).

* Fritheadh leithscéalta ón gCathaoirleach agus ón Leas-Chathaoirleach nach raibh ar a gcumas bheith i láthair agus aontaíodh go bhfeidhmeodh Cuan Ó Seireadáin mar chathaoirleach.

Glacadh d'aonghuth leis an rún:

"Go leasófar teideal an chomharchumainn go 'Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta' agus an teideal reatha cláraithe 'Comharchumann Radio Átha Cliath Limited' a bhaint."